C/2024/1909

1.3.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Feabhra 2024

lena mbunaítear liosta de thásca geografacha atá faoi chosaint ag Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá le comhdú mar iarratais ar chlárú idirnáisiúnta de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/1909)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ([2]) ('Ionstraim na Ginéive'), is comhaontú idirnáisiúnta é faoina gcuireann na Páirtithe Conarthacha córas chun feidhme chun ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha a chosaint go frithpháirteach.

(2) Tar éis Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle ([3]) maidir le haontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive, rinne an tAontas an ionstraim aontachais le hIonstraim na Ginéive a thaisceadh an 26 Samhain 2019. Tháinig aontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020. Ós rud é gurbh é an tAontas an cúigiú Páirtí Conarthach a d'aontaigh d'Ionstraim na Ginéive, tháinig Ionstraim na Ginéive i bhfeidhm an dáta céanna sin, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) d'Ionstraim na Ginéive.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) agus (2) d'Ionstraim na Ginéive, féadfaidh Údaráis Inniúla gach Páirtí Chonarthaigh in Ionstraim na Ginéive iarratais a chomhdú maidir le clárú idirnáisiúnta ainmniúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh le Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil, a chláróidh é sa Chlár Idirnáisiúnta. I gcomhréir le hAirteagal 9 d'Ionstraim na Ginéive, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha eile cinneadh a dhéanamh faoi cé acu atá nó nach bhfuil siad chun an t-ainmniúchán tionscnaimh nó an tásc geografach sin a chosaint laistigh dá gcríoch féin.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2019/1753, chun críoch an Rialacháin sin agus na ngníomhartha a glacadh dá bhun, cumhdaítear sa téarma 'tásca geografacha' na hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus na tásca geografacha faoi chosaint de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(5) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2019/1753, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún, ina cháil mar Údarás Inniúil an Aontais, iarratais a chomhdú maidir le clárú idirnáisiúnta ainmniúcháin tionscnaimh an Aontais agus thásca geografacha an Aontais leis an mBiúró Idirnáisiúnta tar éis aontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive agus, ina dhiaidh sin, ar bhonn rialta.

([1]) IO L 271, 24.10.2019, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2019/1753/oj).';
([2]) IO L 271, 24.10.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj).';
([3]) Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/1754/oj).
([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

(6) I mí Dheireadh Fómhair 2023, sheol an Iodáil iarratas amháin chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2019/1753, maidir le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a chlárú sa Chlár Idirnáisiúnta ar de thionscnamh a críche é agus atá cosanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(7) Ainmneacha atá faoi chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 mar ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) agus mar thásca geografacha faoi chosaint (TGFC), ba cheart iad a chomhdú mar iarratais ar chlárú sa Chlár Idirnáisiúnta mar ainmniúcháin tionscnaimh agus mar thásca geografacha, faoi seach.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart liosta a bhunú ina bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC), é bunaithe ar an iarratas a sheol an Iodáil chuig an gCoimisiún chun iarratais a chomhdú maidir le tásc geografach ar de thionscnamh a críche é agus atá faoi chosaint san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a chlárú go hidirnáisiúnta.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta (Fíon),

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Bunaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo liosta ina bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint atá cosanta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 atá le comhdú mar iarratais ar chlárú idirnáisiúnta ag an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Liosta na dtásc geografach atá faoi chosaint san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint) atá le comhdú mar iarratais ar chlárú idirnáisiúnta de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1753

An Iodáil

— Trento (ATFC)